C/2026/4272

6.8.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(M.12498 – ACS AIID / TELEFÓNICA / BANCO SANTANDER / SETT / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4272)

1. An 24 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AI Infrastructure Development, S.L. ('ACS AIID', an Spáinn), faoi rialú ACS, Actividades de Construcción y Servicios, S.A. (in éineacht lena fhochuideachtaí, 'Grupo ACS', an Spáinn),

— Telefónica Infra, S.L.U. ('Telefónica', an Spáinn), faoi rialú Telefónica, S.A. (in éineacht lena fhochuideachtaí, 'Grupo Telefónica', an Spáinn),

— Entidad Pública Empresarial Sociedad Española para la Transformación Tecnológica, E.P.E. ('SETT', an Spáinn),

— Banco Santander, S.A. ('Banco Santander', an Spáinn),

— Sociedad Gigafactoría Española de Inteligencia Artificial, S.L. ('JV', an Spáinn).

Gheobhaidh ACS AIID, Telefónica, SETT agus Banco Santander comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is oibreoir bonneagair domhanda é Grupo ACS. Tá sé gníomhach in earnálacha na tógála, na lamháltas agus na seirbhísí comhshaoil agus tionsclaíocha. Rialaíonn Grupo ACS ACS AIID, cuideachta nuachruthaithe arb é is aidhm di lárionad sonraí amháin nó níos mó agus an bonneagar TF uile a óstáiltear sna lárionaid sonraí sin a chur chun cinn, a dhearadh, a thógáil (agus/nó a léasú), a mhargú, a oibriú agus a chothabháil, agus aon ghníomhaíocht eile a bhaineann leis na lárionaid sonraí,

— Is oibreoir teileachumarsáide domhanda agus soláthraí líonraí móibíleacha é Grupo Telefónica, a bhfuil a cheanncheathrú i Maidrid. Díríonn a ghníomhaíochtaí ar sheirbhísí nascachta agus réitigh dhigiteacha a sholáthar do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí agus riaracháin phoiblí araon,

— Is eintiteas gnó poiblí é SETT a mhaoiníonn agus a infheistíonn (mar chomhinfheisteoir de ghnáth) in ardteicneolaíochtaí claochlaitheacha atá nasctha leis an gclaochlú digiteach, leis an teileachumarsáid agus le teicneolaíochtaí digiteacha bunathraitheacha nua,

— Is grúpa airgeadais domhanda é Banco Santander atá ag feidhmiú mar bhanc agus mar sholáthraí seirbhísí airgeadais agus atá gníomhach sna hearnálacha baincéireachta miondíola, baincéireachta corparáidí agus infheistíochta, bainistíochta sócmhainní agus árachais.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag JV: lárionad sonraí a thógáil agus a oibriú.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12498 — ACS AIID / TELEFÓNICA / BANCO SANTANDER / SETT / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.